Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7495/26**

**FIN 441**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Meastacháin ar ioncam agus ar chaiteachas don bhliain airgeadais 2027 (Roinn II – an Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle) |

- *Formheas*
- *– Formheas litreach*

1. An 18 Márta 2026, chuir Ardrúnaíocht na Comhairle na dréachtmheastacháin ar chaiteachas agus ioncam don bhliain airgeadais 2027 (Roinn II – An Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle) chuig an gCoiste um an mBuiséad, mar a leagtar amach in 7477/1/26 REV 1 iad.

2. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad na dréachtmheastacháin ag an gcruinniú a bhí aige an 23 Márta 2026.

3. Chinn sí athbhreithniú a dhéanamh ar na meastacháin sin níos déanaí nuair a bheidh glacadh an tseasaimh ón gComhairle maidir leis an dréachtbhuiséad do 2027 á ullmhú aici. Leagtar amach dréachtráiteas in IARSCRÍBHINN 1.

4. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad a mholadh go ndéanfadh Coiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas:

- na meastacháin ar chaiteachas agus ioncam don bhliain airgeadais 2027 (Roinn II – An Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle) mar a leagtar amach in 7477/1/26 REV 1 iad, a fhormheas;

- an dréachtráiteas a leagtar amach in IARSCRÍBHINN 1 a chur isteach ina mhiontuairiscí;

- an dréachtlitir chuig an gCoimisiún a leagtar amach in IARSCRÍBHINN 2 a fhormheas.

## DRÉACHTRÁITEAS ÓN gCOMHAIRLE ATÁ LE CUR I MIONTUAIRISCÍ AN CHRUINNITHE DE CHUID COREPER

'Tá bunú mheastacháin na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle don bhliain airgeadais 2027, atá le háireamh sa dréachtbhuiséad a thíolacfaidh an Coimisiún i gcomhréir le forálacha Airteagal 314(1) CFAE, gan dochar don seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle atá le glacadh i gcomhréir le hAirteagal 314(3) CFAE. Glacfaidh an Chomhairle a seasamh trí athbhreithniú a dhéanamh ar na meastacháin, lena n-áirítear trí ghnéithe nua a d'fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh tar éis bhunú na meastachán sin agus an cur chuige cothrománach maidir le caiteachas riaracháin na n-institiúidí.'

**DRÉACHTLITIR**

ó: Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe

chuig: Uachtarán an Choimisiúin

A Uachtaráin Uasail,

D'fhormheas Coiste na mBuanionadaithe na meastacháin ar chaiteachas agus ioncam don bhliain airgeadais 2027 (Roinn II – an Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle)[1] lena gcur isteach sa dréachtbhuiséad do 2027.

(Beannachtaí scoir)

[1] 7477/1/26 REV 1.